# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.10748 – MACQUARIE / BCI / NATIONAL GRID / NATIONAL GRID GAS)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 233/12)

1. An 8 Meitheamh 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Macquarie Infrastructure and Real Assets (Europe) Limited, cuid de Macquarie Group Limited ("Macquarie", an Astráil),

— British Columbia Investment Management Corporation ("BCI", Ceanada),

— National Grid plc ("National Grid", an Ríocht Aontaithe),

— Gnólachtaí tarchurtha gáis agus méadraithe gáis National Grid ("National Grid Gas", an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh Macquarie, BCI agus National Grid comhrialú ar National Grid Gas de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí domhanda seirbhísí baincéireachta, airgeadais, comhairleacha, infheistíochta agus bainistíochta cistí é Macquarie,

— Is gníomhaire de chuid Rialtas British Columbia i gCeanada é BCI, gníomhaire a infheistíonn i réimse cineálacha sócmhainní thar ceann cliant san earnáil phoiblí in British Columbia,

— Tá bonneagar rialáilte leictreachais agus gáis faoi úinéireacht agus á oibriú ag National Grid sa Bhreatain Mhór agus in oirthuaiscirt na Stát Aontaithe,

— Tá dhá phríomhghníomhaíocht ghnó ag National Grid Gas: (i) úinéir agus oibreoir an Chórais Tarchurtha Náisiúnta gáis sa Bhreatain Mhór; agus (ii) úinéir agus oibreoir gnólacht méadraithe gáis, National Grid Metering.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10748 – MACQUARIE / BCI / NATIONAL GRID / NATIONAL GRID GAS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË